# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2020

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Páipéar I (160 marc)

## Cuid I: Cluastuiscint (60 marc)

---

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| { | **(i)** | Tuiscint | = **60** marc | } |
| { | **(ii)** | Cumas Gaeilge | - (**0-3)** marc | } |
| { | **(iii)** | **Iomlán** | = | } |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **18 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 2 mharc x 5 | = | 10 marc |
| Fógra 2: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| | **10 + 8** | = | **<u>18 marc</u>** |
| **Cuid B:** | **28 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| Comhrá 2: | 2 mharc x 7 | = | 14 mharc |
| | **14 + 14** | **=** | **<u>28 marc</u>** |
| **Cuid C:** | **14 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 2 mharc x 3 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 2 mharc x 4 | = | 8 marc |
| | **6 + 8** | **=** | **<u>14 mharc</u>** |

**Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.**

**An Triail Chluastuisceana**

**Ardleibhéal/Gnáthleibhéal**

**Cuid A**

**Fógra a hAon (Canúint Uladh)**

Seo fógra ó RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cuirfear tús le clár nua ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an naoú lá déag de mhí Mheán Fómhair. *Bladhaire* an t-ainm a bheidh ar an gclár nua. Beidh an clár nua ar siúl ar a trí a chlog gach Déardaoin agus gach Aoine. Ar an gclár, cloisfear plé ar chúrsaí siamsaíochta agus beidh trácht ar imeachtaí ar fud na tíre. Beidh ceol beo ann sa stiúideo agus, chomh maith leis sin, cuirfear agallamh ar aíonna suimiúla. Is í Áine Ní Bhreisleáin a bheidh mar láithreoir ar an gclár seo. Bígí ag éisteacht.

**Fógra a Dó (Canúint Chonnacht)**

Seo fógra ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Sheol Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tionscnamh nua i mí Eanáir dhá mhíle is a hocht déag. *Fáilte ar Líne* is ainm don tionscnamh nua seo. Is é atá i gceist leis an tionscnamh seo ná cúrsaí Gaeilge ar líne. Tugann an tionscnamh seo deis do dhaoine an Ghaeilge a fhoghlaim agus eolas a fháil ar stair na teanga agus ar chultúr na hÉireann. Maireann gach cúrsa ar feadh ceithre seachtaine. Tá an-éileamh ar na cúrsaí seo mar tá na mílte duine as céad daichead tír éagsúil cláraithe ar na cúrsaí go dtí seo. Cuireann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Crannchur Náisiúnta maoiniú ar fáil don tionscnamh seo.

**Cuid B**

**Comhrá a hAon (Canúint na Mumhan)**

**An Chéad Mhír**

**Úna:** Conas atá tú, a Phóil?

**Pól:** Mothaím tuirseach traochta faoi láthair, a Úna. Táim ag súil go mór leis an deireadh seachtaine seo. Tá mé i mo bhall de Chomhairle na Scoláirí agus d’eagraíomar Seachtain na Folláine ar scoil le seachtain anuas.

**Úna:** Maith thú. Cad iad na téamaí a bhain le Seachtain na Folláine, a Phóil?

**Pól:** Bhuel, a Úna, bhí trí théama ann – itheachán sláintiúil, aclaíocht rialta agus meabhairshláinte dhearfach.

**Úna:** Cad a d’eagraigh sibh ar scoil chun na scoláirí a chur ar an eolas faoi nósanna itheacháin?

**Pól:** Chuir na múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile ranganna cócaireachta ar siúl. D’ullmhaigh siad béilí sláintiúla. Chuir siad comhairle ar na scoláirí faoin tábhacht a bhaineann le haiste bia shláintiúil a leanúint.

**Úna:** Tá an t-ábhar sin tráthúil go leor na laethanta seo. Tá méadú ar líon na ndaoine atá murtallach sa tír seo. Deir na saineolaithe sláinte go bhfuil baint ag drochnósanna itheacháin le daoine a bheith murtallach. Itheann daoine an iomarca mearbhia, dar leo. Ólann siad an iomarca deochanna siúcrúla.

**Pól:** Is údar mór imní é an murtall in Éirinn faoi láthair.

**An Dara Mír**

**Úna:** Agus cuireann easpa aclaíochta leis an murtall chomh maith. Ar eagraigh sibh lá aclaíochta, a Phóil?

**Pól:** D'eagraigh, cinnte. Bhí lá aclaíochta againn Dé Céadaoin. Bhí comórtas cispheile ar siúl do na scoláirí sóisearacha. Bhí cluiche sacair ar siúl idir na múinteoirí agus na scoláirí sa chúigiú bliain. Bhí ranganna ióga ann don séú bliain.

**Úna:** Tá an aclaíocht rialta tábhachtach do na scoláirí sa lá atá inniu ann. Cuireann na scrúduithe agus córas na bpointí brú mór ar na scoláirí dara leibhéal. An raibh cainteanna agaibh faoi chúram meabhairshláinte?

**Pól:** Bhí. Labhair aoichainteoir leis na scoláirí sinsearacha faoin tsláinte intinne. Rinne sí go leor moltaí: am a thógáil le scíth a ligean, caitheamh aimsire folláin a bheith acu, agus bealaí le déileáil leis an strus.

**Úna:** Tá gaisce déanta agaibh ar mhaithe le pobal na scoile. Tóg sos ag an deireadh seachtaine.

**Pól:** Tógfaidh mé cinnte, a Úna.

**Comhrá a Dó (Canúint Chonnacht)**

**An Chéad Mhír**

**Orla:** Heileo, a Pheadair. Fáilte romhat ar ais ar an Ollscoil. Conas a chaith tú an samhradh?

**Peadar:** Bhuel, a Orla, chaith mé dhá mhí ag obair mar threoraí in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc.

**Orla:** Ó, a Pheadair, nach ortsa a bhí an t-ádh. Cad iad na cáilíochtaí a bhí riachtanach don phost sin?

**Peadar:** Bhí tuiscint ar chúrsaí oidhreachta, scileanna maithe cumarsáide agus Gaeilge líofa ag teastáil don phost.

**Orla:** Cad iad na dualgais a bhí ort mar threoraí?

**Peadar:** Chuir mé fáilte roimh na cuairteoirí. Mhínigh mé na taispeántais dóibh. Thug mé cuntas dóibh ar an gceangal a bhí ag Pádraig Mac Piarais le ceantar Chonamara.

**Orla:** Ba dheas an rud é post suimiúil mar sin a fháil don samhradh.

**An Dara Mír**

**Peadar:** An raibh post agat féin sa samhradh, a Orla?

**Orla:** Faraor, ní raibh aon phost agam. Bhínn ag obair in ollmhargadh i mo cheantar dúchais gach samhradh ach dúnadh an t-ollmhargadh sin anuraidh.

**Peadar:** Cén fáth ar dúnadh an t-ollmhargadh sin, a Orla?

**Orla:** Bhuel, is i gceantar tuaithe atá mé i mo chónaí agus tá titim ar an daonra ann. Ní raibh brabús á dhéanamh ag úinéirí an ollmhargaidh. Mar is eol duit, tá a lán daoine ag imeacht as na ceantair thuaithe agus ag bogadh isteach sna bailte móra sa lá atá inniu ann.

**Peadar:** Cén fáth a bhfuil daoine ag fágáil na gceantar tuaithe, dar leat, a Orla?

**Orla:** Tá go leor cúiseanna leis sin. Níl fostaíocht ná seirbhísí riachtanacha ar fáil sna ceantair thuaithe. Agus tá rogha níos fearr áiseanna sna bailte móra.

**Peadar:** An bhfuil mórán seirbhísí fágtha i do cheantar tuaithe féin anois?

**Orla:** Níl. Dúnadh Oifig an Phoist i mí Aibreáin. Chuaigh an dochtúir teaghlaigh ar scor i mí na Bealtaine agus níl dochtúir ar fáil sa cheantar ó shin. Tá sé truamhéalach ar fad.

**Peadar:** Tá an tuath bánaithe cinnte, a Orla.

## Cuid C

### Píosa a hAon (Canúint na Mumhan)

Osclaíodh droichead nua thar abhainn na Laoi i gCorcaigh ar an seachtú lá is fiche de mhí Mheán Fómhair anuraidh. Ainmníodh an droichead sin i gcuimhne ar an oibrí cabhrach Mary Elmes. Rugadh Mary Elmes i gcathair Chorcaí sa bhliain míle naoi gcéad is a hocht. Chuaigh sí go dtí an Spáinn tar éis di a cuid cúrsaí tríú leibhéal a chríochnú. Bhí an Cogadh Cathartha ar siúl sa Spáinn ag an am sin. D’oibrigh sí in ospidéal ansin ag cabhrú le páistí a bhí ag fulaingt le linn an chogaidh. Ina dhiaidh sin, chuaigh sí go dtí an Fhrainc. Rinne Mary Elmes gaisce le linn an Dara Cogadh Domhanda. Shábháil sí páistí Giúdacha ó na campaí géibhinn.

### Píosa a Dó (Canúint Uladh)

Bhuaigh foireann rugbaí na hAfraice Theas Corn an Domhain sa rugbaí anuraidh. Nuair a bronnadh an corn ar chaptaen na foirne, Siya Kolisi, bhain sé áit ar leith amach i stair rugbaí na hAfraice Theas. Ba é Siya an chéad chaptaen den chine gorm ar fhoireann a thíre riamh. Bhí muintir Siya bocht le linn a óige. Bhíodh air codladh ar an urlár sa seomra suí. Ba mhinic nach mbíodh aon bhia ag a mhuintir. Thosaigh Siya ag imirt rugbaí go proifisiúnta nuair a bhí sé ocht mbliana déag d’aois. San óráid a rinne Siya nuair a bhí sé ag glacadh le Corn an Domhain sa rugbaí, mhínigh sé go raibh imreoirí ó chiníocha éagsúla ar an bhfoireann. Dúirt sé go raibh na himreoirí go léir ag imirt ar son mhuintir na hAfraice Theas ar fad, idir gheal agus ghorm. Bhí dóchas ag na himreoirí go gcabhródh an bua seo le pobail éagsúla na tíre a thabhairt le chéile níos fearr.

**CUID A (18 marc)**

**FÓGRA A hAON (10 marc)**

**1.** **(a)** Cé a chuir amach an fógra seo? **2 mharc**

RTÉ Raidió (Radió) na Gaeltachta = 2 mharc
Raidió na Gaeltachta = 2 mharc
Radió na Gaeltachta = 2 mharc
Rn(a)G = 2 mharc
RTÉ = 1 mharc
RTE = 1 mharc

**(b)** Cén t-am a bheidh an clár nua ar siúl gach Déardaoin agus gach Aoine? **2 mharc**

A trí a chlog = 2 mharc
3 i.n. = 2 mharc
3 p.m. = 2 mharc

**2.** Luaigh **dhá** rud a bheidh le cloisteáil ar an gclár nua, *Bladhaire*.
**2 mharc + 2 mharc**

Plé ar chúrsaí siamsaíochta = 2 mharc
Trácht ar imeachtaí ar fud na tíre = 2 mharc
Ceol beo = 2 mharc
Agallamh ar aíonna suimiúla = 2 mharc
Agallamh ar aíonna = 2 mharc
Plé = 1 mharc
Trácht = 1 mharc
Ceol = 1 mharc
Agallamh = 1 mharc
Aíonna = 1 mharc

**3.** Cén bhaint a bheidh ag Áine Ní Bhreisleáin leis an gclár seo? **2 mharc**

Láithreoir = 2 mharc

**FÓGRA A DÓ (8 marc)**

**1.** **(a)** Cathain a sheol Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an tionscnamh nua? **2 mharc**

I mí Eanáir 2018 = 2 mharc
2018 = 1 mharc
I mí Eanáir = 1 mharc
Eanáir = 1 mharc

**(b)** Scríobh síos deis **amháin** a thugann an tionscnamh *Fáilte ar Líne* do dhaoine.
**2 mharc**

An Ghaeilge a fhoghlaim = 2 mharc

Eolas a fháil ar stair na teanga = 2 mharc
Eolas a fháil ar chultúr na hÉireann = 2 mharc
Eolas ar stair na teanga = 1 mharc
Eolas ar chultúr na hÉireann = 1 mharc
Foghlaim = 1 mharc
Eolas a fháil = 1 mharc

**2.** Tabhair pointe **amháin** eolais a léiríonn go bhfuil an-éileamh ar na cúrsaí go dtí seo.
**2 mharc**

Tá na mílte duine as 140 tír cláraithe ar na cúrsaí (go dtí seo) = 2 mharc
Tá daoine as 140 tír cláraithe ar na cúrsaí (go dtí seo) = 2 mharc
Tá na mílte duine cláraithe ar na cúrsaí (go dtí seo) = 2 mharc

**3.** Luaigh dream **amháin** a chuireann maoiniú ar fáil don tionscnamh seo. **2 mharc**

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta = 2 mharc
An Crannchur Náisiúnta = 2 mharc
An Roinn Cultúir = 1 mharc
An Roinn Oidhreachta = 1 mharc
Roinn na Gaeltachta = 1 mharc

## CUID B (28 marc)

## COMHRÁ A hAON (14 mharc)

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén grúpa i scoil Phóil a d'eagraigh Seachtain na Folláine? **2 mharc**

Comhairle na Scoláirí = 2 mharc
Scoláirí = 1 mharc

**2.** Tabhair **dhá** cheann de na téamaí a bhain le Seachtain na Folláine i scoil Phóil.
**2 mharc + 2 mharc**

Itheachán sláintiúil = 2 mharc
Aclaíocht rialta = 2 mharc
Meabhairshláinte dhearfach = 2 mharc
Itheachán = 1 mharc
Aclaíocht = 1 mharc
Meabhairshláinte = 1 mharc

**3.** Scríobh síos cúis **amháin** le daoine a bheith murtallach, dar leis na saineolaithe sláinte.
**2 mharc**

Drochnósanna itheacháin = 2 mharc
(Itheann siad) an iomarca mearbhia = 2 mharc
(Ólann siad) an iomarca deochanna siúcrúla = 2 mharc

Mearbhia = 1 mharc
Itheann siad an iomarca = 1 mharc
Deochanna siúcrúla = 1 mharc
Ólann siad an iomarca = 1 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cad a bhí ar siúl idir na múinteoirí agus na scoláirí sa chúigiú bliain Dé Céadaoin? **2 mharc**

Cluiche sacair = 2 mharc
Sacar = 1 mharc
Cluiche = 1 mharc

**2.** Scríobh síos **dhá** mholadh a rinne an t-aoichainteoir faoin tsláinte intinne nuair a labhair sí leis na scoláirí sinsearacha. **2 mharc + 2 mharc**

Am a thógáil le scíth a ligean = 2 mharc
Caitheamh aimsire folláin (a bheith acu) = 2 mharc
Caitheamh aimsire = 1 mharc
Bealaí le déileáil leis an strus = 2 mharc

**COMHRÁ A DÓ (14 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Luaigh **dhá** cháilíocht a bhí riachtanach don phost a bhí ag Peadar sa samhradh. **2 mharc + 2 mharc**

Tuiscint ar chúrsaí oidhreachta = 2 mharc
Scileanna maithe cumarsáide = 2 mharc
Gaeilge líofa = 2 mharc
Scileanna cumarsáide = 1 mharc
Gaeilge = 1 mharc

**2.** Scríobh síos **dhá** dhualgas a bhí ar Pheadar mar threoraí. **2 mharc + 2 mharc**

Chuir sé fáilte roimh na cuairteoirí = 2 mharc
Mhínigh sé na taispeántais dóibh = 2 mharc
Thug sé cuntas dóibh ar an gceangal a bhí ag Pádraig Mac Piarais le ceantar Chonamara = 2 mharc
Thug sé cuntas dóibh ar Phádraig Mac Piarais = 1 mharc
Thug sé cuntas dóibh ar cheantar Chonamara = 1 mharc

*An Dara Mír*

**1.** Cén fáth ar dúnadh an t-ollmhargadh ina mbíodh Orla ag obair gach samhradh? **2 mharc**

Tá titim ar an daonra ann = 2 mharc
Ní raibh brabús á dhéanamh ag úinéirí an ollmhargaidh = 2 mharc
Tá a lán daoine ag imeacht as na ceantair thuaithe = 2 mharc
Tá a lán daoine ag bogadh isteach sna bailte móra = 2 mharc

**2.** Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil daoine ag fágáil na gceantar tuaithe, dar le hOrla.
**2 mharc + 2 mharc**

Níl fostaíocht ar fáil = 2 mharc
Níl seirbhísí riachtanacha ar fáil = 2 mharc
Tá rogha níos fearr áiseanna sna bailte móra = 2 mharc
Níl seirbhísí ar fáil = 2 mharc
Tá áiseanna sna bailte móra = 1 mharc
Fostaíocht = 1 mharc
Seirbhísí = 1 mharc
Áiseanna = 1 mharc
Dúnadh Oifig an Phoist = 1 mharc
Níl dochtúir ar fáil = 1 mharc

**CUID C (14 mharc)**

**PÍOSA A hAON (6 mharc)**

**1.** Cár rugadh Mary Elmes? **2 mharc**

I gcathair Chorcaí = 2 mharc
I gCorcaigh = 2 mharc

**2.** Cad a rinne Mary Elmes le linn an Chogaidh Chathartha sa Spáinn? **2 mharc**

D'oibrigh sí in ospidéal = 2 mharc
Ag cabhrú le páistí a bhí ag fulaingt le linn an chogaidh = 2 mharc
Ag cabhrú le páistí = 1 mharc

**3.** Cén gaisce a rinne Mary Elmes sa Fhrainc le linn an Dara Cogadh Domhanda? **2 mharc**

Shábháil sí páistí Giúdacha ó na campaí géibhinn = 2 mharc
Shábháil sí páistí Giúdacha = 2 mharc
Shábháil sí páistí ó na campaí géibhinn = 2 mharc
Shábháil sí páistí = 1 mharc

**PÍOSA A DÓ (8 marc)**

**1.** Conas a bhain Siya Kolisi áit ar leith amach i stair rugbaí na hAfraice Theas anuraidh?
**2 mharc**

Ba é Siya an chéad chaptaen den chine gorm ar fhoireann a thíre riamh = 2 mharc

**2.** Tabhair sampla **amháin** ó óige Siya a léiríonn bochtaineacht a mhuintire ag an am.
**2 mharc**

Bhíodh air codladh ar an urlár (sa seomra suí) = 2 mharc
Ba mhinic nach mbíodh aon bhia ag a mhuintir = 2 mharc
Ní bhíodh aon bhia ag a mhuintir = 2 mharc

**3.** Scríobh síos **dhá** rud a dúirt Siya ina óráid nuair a bhí sé ag glacadh le Corn an Domhain sa Rugbaí. **2 mharc + 2 mharc**

Mhínigh sé go raibh imreoirí ó chiníocha éagsúla ar an bhfoireann = 2 mharc
Bhí na himreoirí go léir ag imirt ar son mhuintir na hAfraice Theas ar fad (idir gheal agus ghorm) = 2 mharc
Bhí dóchas ag na himreoirí go gcabhródh an bua seo le pobail éagsúla na tíre a thabhairt le chéile níos fearr = 2 mharc
Bhí dóchas ag na himreoirí go gcabhródh an bua seo le pobail éagsúla na tíre = 1 mharc

Léirigh na marcanna mar seo ar chlúdach na Cluastuisceana:

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| **Cuid I: Cluastuiscint** | |
| **Na hIomláin** | |
| **Cuid A, Fógra 1** | **10 marc** |
| **Cuid A, Fógra 2** | **8 marc** |
| **Cuid B, Comhrá 1** | **14 mharc** |
| **Cuid B, Comhrá 2** | **14 mharc** |
| **Cuid C, Píosa 1** | **6 mharc** |
| **Cuid C, Píosa 2** | **8 marc** |
| **Iomlán** | **60 marc** |

| | |
|---|---|
| **Eolas (60 marc)** | |
| **Gaeilge - (0-3)** | |
| **Móriomlán** | |

| Cuid II: | CEAPADÓIREACHT | 100 marc |
|---|---|---|

**3** Roinn ar an bpáipéar scrúdaithe

**A.** Aiste nó Alt Nuachtáin / Irise

**B.** Scéal

**C.** Díospóireacht / Óráid

**An Mharcáil:**

**Iarracht iomlán** = 500 – 600 focal (an treoir ar an bpáipéar scrúdaithe), an t-ábhar ad rem agus bunaithe ar an teideal a roghnaíonn an t-iarrthóir.

Stíl chuí scríbhneoireachta = **5** mharc

Ionramháil Ábhair = **15** mharc

Cumas Gaeilge = **80** marc

**3 chéim sa mharcáil:**

Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| | |
|---|---|
| An Measúnú | An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh catagóire de? |
| An Aicme sa chatagóir | Socraigh an aicme cheart sa chatagóir: ard / meánach / íseal. |
| An Marc | Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don aicme sin. |

Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 5 (Stíl), an marc a bhronntar as 15 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

Stíl (5) =

Ábhar (15) =

Gaeilge (80) = ________________

CII (100) =

**Gnéithe a bhaineann leis an marcáil**

**Stíl chuí scríbhneoireachta (5 mharc):**

Stíl (5 mharc) = 5 mharc sa chás go bhfuil an stíl chuí scríbhneoireachta in úsáid - má roghnaítear B (a), ní mór don iarrthóir **Scéal** a scríobh agus ní cheadaítear **Aiste** nó **Díospóireacht** srl. Sa chás go scríobhtar **Aiste** srl. agus teideal an scéil leis, an marc cuí ná Stíl (5) = 0.

Smaoinigh nach mbaineann an marc ar Stíl le caighdeán nó le cáilíocht na hiarrachta. Déantar é seo a mheas faoi Ábhar (15 mharc).

**Ionramháil Ábhair (15 mharc):**

Tuairimí, smaointe, insint, eachtraí, imeachtaí, eolas, faisnéis **a bhaineann go dlúth le hábhar theideal na ceapadóireachta**.

| Aicme | Marc |
|---|---|
| Ionramháil shármhaith (smaointe fairsinge, samhlaíocht neamhghnách) | 13, 14, 15 |
| Ionramháil an-mhaith | 11, 12 |
| Ionramháil mhaith | 9, 10 |
| Ionramháil mheasartha | 6, 7, 8 |
| Ionramháil lag / bhearnach | 3, 4, 5 |
| Ionramháil an-lag (easnamhach) | 0, 1, 2 |

Ba cheart an ionramháil ábhair a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe ábhartha a bhaineann le teideal na hiarrachta, bíonn coibhneas de ghnáth idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Ní féidir smaointe cuí, ábhartha a chur i láthair go soiléir gan cóir iompair éifeachtach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe ábhartha a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á marcáil.

**Cumas Gaeilge (80 marc**)

**(i)** Fairsinge agus Saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra

**agus**

**(ii)** Beachtas maidir le máistreacht na cruinnúsáide ar na príomhghnéithe (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) de cheart na Gaeilge.

**Dhá ghné** i gceist sa Chumas Gaeilge:

| **Stór Gaeilge agus dul na teanga** | **Beachtas / Cruinneas na Gaeilge** |
|---|---|
| • Máistreacht an iarrthóra ar an teanga chun na smaointe a ionramháil<br>• Cumas an iarrthóra chun a smaointe faoin ábhar a scríobh síos go tuisceanach soiléir, gan bunrialacha na teanga a shárú<br>• Fairsingeacht agus saibhreas an fhoclóra<br>• An Chomhréir - struchtúir na n-abairtí | Caighdeán an iarrthóra i gcruinnláimhseáil ghramadach na Gaeilge:<br>• Aimsirí na mbriathra<br>• Litriú<br>• Séimhiú<br>• Urú<br>• An Chlaoninsint<br>• Réamhfhocail<br>• Díochlaontaí na n-ainmfhocal |

Tá sé fíorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir <u>mórbhotúin chomhréire</u> agus <u>mionbhotúin ghramadaí agus litrithe</u>.

Cuimhnigh ar an treoir atá ar an scrúdpháipéar:
*Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.*

Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil **ad rem** cuirfear as an áireamh an t-ábhar neamhábhartha sin. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht cheapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós pro-rata ar an ábhar agus ar an nGaeilge.
Nuair nach bhfuil an iarracht ar fad **ad rem**, cuir lúibín cearnach ag tús an phíosa/an ailt nach bhfuil **ad rem** agus lúibín cearnach eile ag deireadh an phíosa/an ailt sin agus scríobh '**níl sé seo ad rem**' sa cholún ar dheis.

| | Catagóir | Aicme | Raon marcanna |
|---|---|---|---|
| 1. **Stór Gaeilge**<br>2. **Beachtas / Cruinneas na Gaeilge** | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá sármhaith<br>• Cruinneas sármhaith (den chuid is mó) | **Sármhaith** | Ard | 76-80 marc |
| | | Meánach | 72-75 marc |
| | | Íseal | 68-71 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-mhaith<br>• Cruinneas an-mhaith (den chuid is mó) | **An-mhaith** | Ard | 64-67 marc |
| | | Meánach | 60-63 marc |
| | | Íseal | 56-59 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá maith<br>• Cruinneas maith (den chuid is mó) | **Maith** | Ard | 52-55 marc |
| | | Meánach | 48-51 marc |
| | | Íseal | 44-47 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá measartha<br>• Cruinneas measartha (den chuid is mó) | **Measartha** | Ard | 40-43 marc |
| | | Meánach | 36-39 marc |
| | | Íseal | 32-35 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá lag<br>• Cruinneas lag (den chuid is mó) | **Lag** | Ard | 28-31 marc |
| | | Meánach | 24-27 marc |
| | | Íseal | 20-23 marc |
| | | | |
| • Fairsingeacht agus Saibhreas atá an-lag<br>• Cruinneas an-lag (den chuid is mó) | **An-lag** | Ard | 16-19 marc |
| | | Meánach | 12-15 marc |
| | | Íseal | 8-11 marc |
| | | An-íseal | 0-7 marc |

**Treoracha:** Tá an iarracht cheapadóireachta rógearr nó níl an t-ábhar ar fad atá scríofa ad rem/ábhartha/bainteach go dlúth leis an teideal a roghnaíodh:

**An iarracht cheapadóireachta rógearr**

**Leathanach go leith den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-1 [fad]) | (4) | = |
| Ábhar: | (15-2 [fad]) | (13) | = |
| Gaeilge: | (80-12 [fad]) | (68) | = |

**Leathanach amháin den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-2 [fad]) | (3) | = |
| Ábhar: | (15-4 [fad]) | (11) | = |
| Gaeilge: | (80-24 [fad]) | (56) | = |

**Leathleathanach den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-3 [fad]) | (2) | = |
| Ábhar: | (15-6 [fad]) | (9) | = |
| Gaeilge: | (80-36 [fad]) | (44) | = |
| | | **CII (100)** | **=** |

**Níl an iarracht cheapadóireachta go hiomlán *ad rem***

**Leathanach go leith den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-1 [ad rem]) | (4) | = |
| Ábhar: | (15-2 [ad rem]) | (13) | = |
| Gaeilge: | (80-12 [ad rem]) | (68) | = |

**Leathanach amháin den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-2 [ad rem]) | (3) | = |
| Ábhar: | (15-4 [ad rem]) | (11) | = |
| Gaeilge: | (80-24 [ad rem]) | (56) | = |

**Leathleathanach den mhéid atá scríofa *ad rem*:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Stíl: | (5-3 [ad rem]) | (2) | = |
| Ábhar: | (15-6 [ad rem]) | (9) | = |
| Gaeilge: | (80-36 [ad rem]) | (44) | = |
| | | **CII (100)** | **=** |

# Páipéar II (200 marc)

## Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (100 marc)

Treoracha do mharcáil na Léamhthuisceana:

LÉAMHTHUISCINT: A agus B

Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.

Tá trí mharc ag gabháil le cuid (a).

Tá **dhá** chuid i gceist (b): (i) agus (ii) agus **dhá** mharc ar (b) (i) agus **dhá** mharc ar (b) (ii).

Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.

Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuiscint tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Tá **12** mharc ag gabháil le Ceist 6 (b) sa dá chás. Ní mór d'iarrthóirí Ceist 6 (b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**. Tá eolas breise faoi Cheist 6 (b) le fáil sna nótaí ar an dá Léamhthuiscint.

Cuir an marc iomlán do gach focheist sa cholún ar dheis sa fhreagarleabhar.

## LÉAMHTHUISCINT A (50 marc)

### An tAthrú Aeráide

**1. (a)** Cad atá i gceist leis an téarma 'athrú aeráide', dar leis na heolaithe aeráide? (Alt 1)
{**3 mharc**}

- (Is éard atá i gceist leis an téarma 'athrú aeráide') ná athrú suntasach ar ghnáthphatrúin aimsire in áit faoi leith (2 mharc) in imeacht tréimhse áirithe ama (1 mharc) = 3 mharc
- Tá athruithe ar na patrúin aimsire le tabhairt faoi deara ar fud an domhain = 2 mharc

**(b) (i)** Cad iad na hathruithe atá le tabhairt faoi deara ar na patrúin aimsire sa samhradh in Éirinn anois? (Alt 1) (**Dhá** athrú) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Bíonn an aimsir níos tirime = 1 mharc
- Bíonn an teocht níos airde = 1 mharc
- Bíonn an triomach ann níos minice = 1 mharc

**(ii)** Cén chúis atá leis an athrú aeráide, dar le formhór na n-eolaithe aeráide? (Alt 1)
(Cúis **amháin**) **{2 mharc}**

- Aontaíonn formhór na n-eolaithe aeráide go bhfuil an pláinéad á théamh níos tapúla ná mar a bhí sé roimhe seo agus gurb é an t-ardú seo ar mheánteocht an domhain is cúis leis an athrú aeráide = 2 mharc
- Aontaíonn formhór na n-eolaithe aeráide go bhfuil an pláinéad á théamh níos tapúla ná mar a bhí sé roimhe seo = 2 mharc
- Is é an t-ardú seo ar mheánteocht an domhain is cúis leis an athrú aeráide = 2 mharc

**2. (a)** Cén chúis a bhí leis an athrú aeráide sa sean-am agus cén chúis atá leis an athrú aeráide sa lá atá inniu ann? (Alt 2) (**Dhá** chúis) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc}**

Cúis **amháin** bainteach leis an sean-am agus an chúis **eile** bainteach leis an lá atá inniu ann

Cúiseanna bainteach leis an sean-am:
- Cúiseanna nádúrtha
- Gníomhaíocht na gréine

Cúiseanna bainteach leis an lá atá inniu ann:
- Gníomhartha an chine dhaonna
- An téamh domhanda

**(b) (i)** Cad a tharlaíonn nuair a dhóitear breoslaí iontaise mar fhoinse fuinnimh? (Alt 2)
**{2 mharc}**

- Scaoiltear a lán dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) san atmaisfeár, rud a chuireann le teocht an domhain = 2 mharc
- Scaoiltear a lán dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) san atmaisféar = 2 mharc

**(ii)** Luaigh **dhá** fháth a bhfuil cúrsaí iompair ag cur leis an athrú aeráide. (Alt 2)
(**Dhá** fháth) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Tá méadú suntasach ar an líon daoine a thaistealaíonn i gcarranna príobháideacha = 1 mharc
- Tá níos mó earraí á n-iompar ar na bóithre i bhfeithiclí = 1 mharc
- Tá méadú ar an líon paisinéirí a théann ar eitleáin go rialta = 1 mharc
- Nuair a úsáidtear peitreal, díosal agus gás sna feithiclí sin, sceitear na tonnaí dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) as na hinnill agus amach san atmaisféar = 1 mharc
- Cuireann na hastaíochtaí carbóin sin leis an ardú ar theocht an domhain = 1 mharc

**3. (a)** Conas a chabhraíonn na foraoisí, go háirithe na foraoisí trópaiceacha, leis an bpláinéad a fhuarú? (Alt 3) **{3 mharc}**

- Súnn siad dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) as an atmaisféar, athraíonn siad ina carbón í agus stóráiltear an carbón in adhmad na gcrann = 3 mharc
- Súnn siad dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) as an atmaisféar, athraíonn siad ina carbón í = 2 mharc
- Súnn siad dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) as an atmaisféar = 1 mharc
- Stóráiltear an carbón in adhmad na gcrann = 1 mharc

**(b) (i)** Cén tionchar a bhíonn ag leagan na gcrann ar an atmaisféar? (Alt 3)
(Pointe **amháin** eolais) {**2 mharc}**

- Tá níos lú crann ann anois leis an dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) a bhaint as an atmaisféar = 2 mharc
- Nuair a leagtar crainn, cuirtear isteach ar na stoic charbóin a bhíonn á stóráil ag na crainn agus scaoiltear gáis cheaptha teasa amach san atmaisféar = 2 mharc

**(ii)** Scríobh síos an **dá** rud a astaíonn ocsaíd nítriúil agus meatán i gcúrsaí talmhaíochta. (Alt 3) (**Dhá** rud) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Leasachán saorga (a bhfuil nítrigin ann) = 1 mharc
- Sciodar ainmhithe = 1 mharc

**4. (a)** Luaigh **dhá** rud a dúirt Greta Thunberg le seasca ceannaire domhanda ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe faoin athrú aeráide. (Alt 4)
(**Dhá** rud) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc}**

An chéad rud atá ceart = 2 mharc; an dara rud atá ceart = 1 mharc

- Chuir sí i leith na gceannairí sin go raibh siad ag cliseadh ar aos óg an domhain
- Nach raibh siad dáiríre faoi dhul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide
- Ghríosaigh sí iad chun éisteacht leis na heolaithe

**(b)** **(i)** Cén fáth a raibh an t-aos óg ag léirsiú i dtíortha éagsúla ar fud an domhain ar an 20 Meán Fómhair 2019? (Alt 4) (Pointe **amháin** eolais) **{2 mharc}**

- Chun aird na bpolaiteoirí a tharraingt ar an ngéarghá atá le gníomhartha suntasacha chun dul i ngleic leis an athrú aeráide = 2 mharc
- Chun aird na bpolaiteoirí a tharraingt = 1 mharc

**(ii)** Cén fáth ar mhol na toscairí óga ag Tionól Aeráide na nÓg go n-eagrófaí feachtas náisiúnta? (Alt 4) (Pointe **amháin** eolais) **{2 mharc}**

- Chun oideachas a chur ar an bpobal maidir leis an ngéarchéim aeráide = 2 mharc
- Mhol siad go n-eagrófaí feachtas náisiúnta maidir leis an ngéarchéim aeráide agus maidir leis na himpleachtaí don saol atá amach romhainn = 2 mharc

**5.** **(a)** Scríobh síos an **dá** sprioc atá leagtha amach i bPlean Gnímh an Rialtais don Aeráid a seoladh i mí an Mheithimh 2019. (Alt 5)

(**Dhá** sprioc) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc}**

An chéad sprioc atá ceart = 2 mharc; an dara sprioc atá ceart = 1 mharc

- An méid carbóin a astaítear sa tír seo a laghdú fiche faoin gcéad faoin mbliain 2030
- An tír a bheith neodrach ó thaobh astuithe carbóin de faoin mbliain 2050

**(b)** **(i)** Cén beartas atá sa phlean maidir le foinsí fuinnimh an leictreachais agus an teasa? (Alt 5) (Pointe **amháin** eolais) **{2 mharc}**

- Ginfear cuid mhór den leictreachas agus den teas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite = 2 mharc

**(ii)** Scríobh síos **dhá** rud atá luaite sa phlean maidir le cúrsaí taistil. (Alt 5)

(**Dhá** rud) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Táthar ag súil leis go mbeidh níos mó feithiclí leictreacha ar na bóithre = 1 mharc
- Táthar ag súil leis go mbeidh deireadh le carranna peitril agus díosail = 1 mharc + 1 mharc = 2 mharc
- Táthar ag súil leis go mbeidh deireadh le carranna peitril = 1 mharc
- Táthar ag súil leis go mbeidh deireadh le carranna díosail = 1 mharc
- Tá an rialtas tiomanta don iompar inbhuanaithe sa todhchaí = 1 mharc
- Ta an rialtas tiomanta do thograí chun níos mó seirbhísí iompair phoiblí a fhorbairt = 1 mharc

**6.** **(a)** Aimsigh sampla de bhreischéim na haidiachta in Alt 1 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 5. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla de bhreischéim na haidiachta in Alt 1: (níos) tirime, (níos) airde, (níos) minice, (níos) tapúla

Sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 5: ginfear, cosnófar

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** aidhm a bhí ag an údar, dar leat, nuair a scríobh sé an sliocht seo. Bíodh tagairt **amháin** ón sliocht agat, **i d'fhocail fein**, ag tacú le gach aidhm a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

**{6 mharc + 6 mharc}**

**Dhá** aidhm = **6** mharc + **6** mharc
Aidhm **1** a lua = **2** mharc + sampla den aidhm sin (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = **4** mharc
Aidhm **2** a lua = **2** mharc + sampla den aidhm sin (eolas cruinn as an sliocht mar thacú léi) = **4** mharc

**Treoir:**
Tá 'bunaithe ar an eolas sa sliocht' agus 'i d'fhocail féin' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.
(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach ón sliocht.

**Samplaí:**

- Is é an aidhm atá ag an údar ná an t-athrú aeráide a phlé go mion agus daoine a chur ar an eolas faoi chúrsaí aeráide agus faoi chúrsaí timpeallachta…
- Is léir go bhfuil an t-údar buartha faoi thodhchaí an domhain…luann sé an drochaimsir a bhíonn againn go minic sa lá atá inniu ann…an aimsir ag dul in olcas…níos mó stoirmeacha agus tuilte de dheasca an athraithe aeráide...tá an leac oighir ag leá ag an Mol Thuaidh agus ag an Mol Theas…
- Faighimid eolas cruinn ón eolaíocht go bhfuil an teocht ag méadú de shíor agus gurb é an méadú ar an teocht is cúis leis an athrú aeráide…
- Nuair a bhíonn daoine ag dó breoslaí iontaise, imíonn dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) isteach san aer…
- Pléann an t-údar cúrsaí taistil…níos mó feithiclí ar na bóithre…níos mó daoine ag dul ar eitiltí…
- An cur síos ar thábhacht na gcrann…
- Mar a chuireann gnéithe den fheirmeoireacht isteach ar an atmaisféar…
- Meas ag an údar ar ghaisce Greta Thunberg…chuir sí i leith na bpolaiteoirí go raibh ag teip orthu i leith na haeráide…chuir sí tús le léirsithe na n-óg ar fud an domhain chun aird na n-óg a dhíriú ar an timpeallacht, ar an bpláinéad agus ar ár dtodhchaí…
- Luann an t-údar Tionól Aeráide na nÓg...
- Is údar dóchais iad na beartais i bPlean Gnímh an Rialtais don Aeráid anseo in Éirinn...

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

A1 (2) + S1 (4) =
A2 (2) + S2 (4) =

Ag bun Léamhthuiscint A, léirigh na marcanna mar seo:

**C 1(A) (50) =**

**LÉAMHTHUISCINT B (50 marc)**

**An Ghaeilge agus Saol na Gaeilge**

**1.** **(a)** Cén fáth ar bunaíodh an eagraíocht trasteorann, Foras na Gaeilge, i mí na Nollag 1999? (Alt 1) **{3 mharc}**

- Chun an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné den saol in Éirinn uile = 3 mharc
- Chun an Ghaeilge a chur chun cinn = 2 mharc

**(b)** **(i)** Cén bhaint atá ag Foras na Gaeilge le ról na sé cheanneagraíocht Ghaeilge? (Alt 1) **{2 mharc}**

- Oibríonn Foras na Gaeilge go dlúth leo chun úsáid na Gaeilge a fhorbairt i réimsí an phobail, an ghnó, an oideachais, na n-ealaíon, na hóige agus na meán = 2 mharc
- Oibríonn Foras na Gaeilge go dlúth leo chun úsáid na Gaeilge a fhorbairt = 1 mharc
  Ní mór réimse amháin a lua (réimse an phobail, an ghnó, an oideachais, na n-ealaíon, na hóige agus na meán) chun an dara marc a ghnóthú.

**(ii)** Scríobh síos an **dá** chúis a gcuireann Foras na Gaeilge scéimeanna scríbhneoireachta ar fáil. (Alt 1) (**Dhá** chúis) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Chun scríbhneoirí a spreagadh = 1 mharc
- Chun rogha níos leithne d'ábhar léitheoireachta a chur ar fáil = 1 mharc

**2.** **(a)** Cad a bhíonn i gceist nuair a aithnítear teanga a bheith ag forbairt sa ré dhigiteach? (Alt 2) **{3 mharc}**

- Má bhíonn acmhainní agus seirbhísí digiteacha ar fáil inti agus má bhaintear úsáid aisti ar na meáin shóisialta = 3 mharc
- Má bhíonn acmhainní digiteacha ar fáil inti = 2 mharc
- Má bhíonn seirbhísí digiteacha ar fáil inti = 2 mharc
- Má bhaintear úsáid aisti ar na meáin shóisialta = 2 mharc

**(b)** **(i)** Cén fáth a ndeirtear gur áiseanna tábhachtacha iad na foclóirí atá ar fáil ar líne? (Alt 2) **{2 mharc}**

- Tugann siad deis d'fhoghlaimeoirí na teanga a bheith ag foghlaim = 2 mharc

**(ii)** Luaigh **dhá** rud a bhíonn ar fáil ar an suíomh *peig.ie*. (Alt 2) (**Dhá** rud) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Nuacht = 1 mharc
- Eolas faoi imeachtaí Gaeilge = 1 mharc
- Eolas faoi dheiseanna fostaíochta as Gaeilge = 1 mharc

**3. (a)** Tabhair **dhá** chúis a raibh tábhacht ar leith ag baint le bunú Chomórtas Peile na Gaeltachta caoga bliain ó shin. (Alt 3)

(**Dhá** chúis) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc}**

An chéad chúis atá ceart = 2 mharc; an dara cúis atá ceart = 1 mharc

- Ba é an chéad togra é a tharraing muintir óg na Gaeltachta le chéile
- Chothaigh an togra caidreamh idir pobail Ghaeltachta na tíre

**(b) (i)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin turas a rinne grúpa d'fhir óga as Corca Dhuibhne go Gaeltacht Thír Chonaill ar an 4 Eanáir 1969. (Alt 3)

(**Dhá** phointe eolais) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Turas 515 ciliméadar a bhí ann
- Rinneadar é i seanbhus scoile
- Bhí siad ag dul ann chun cluiche dúshláin peile a imirt
- Ghlac sé seacht n-uair an chloig déag orthu an turas fada ó thuaidh a dhéanamh
- Turas fada ó thuaidh a bhí le déanamh acu

**(ii)** Cén fáth a bhfuil Comórtas Peile na Gaeltachta ina fhéile thábhachtach sa lá atá inniu ann? (Alt 3) (Pointe **amháin** eolais) **{2 mharc}**

- Spreagann an fhéile bród as oidhreacht pheile agus Ghaeilge na tíre = 2 mharc
- Spreagann an fhéile bród as oidhreacht pheile na tíre = 2 mharc
- Spreagann an fhéile bród as an bpeil = 2 mharc
- Spreagann an fhéile bród as oidhreacht Ghaeilge na tíre = 2 mharc
- Spreagann an fhéile bród as an nGaeilge = 2 mharc

**4. (a)** Luaigh an **dá** chúis ar bronnadh 'Gradam Saoil' ar an amhránaí, Máire Ní Bhraonáin, ag na *RTÉ Folk Awards* anuraidh. (Alt 4) (**Dhá** chúis) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc}**

An chéad chúis atá ceart = 2 mharc; an dara cúis atá ceart = 1 mharc

- As an méid atá déanta aici le ceol a ceantair féin a chur chun cinn
- As an tacaíocht atá tugtha aici do cheoltóirí óga i nDún na nGall

**(b) (i)** Scríobh síos **dhá** rud a tharla don ghrúpa Clannad de thairbhe an amhráin 'Theme from Harry's Game'. (Alt 4) (**Dhá** rud) **{2 mharc: 1 mharc + 1 mharc}**

- Bhain siad cáil idirnáisiúnta amach leis an amhrán
- Fuair Clannad conarthaí taifeadta
- Chuaigh siad ar camchuairt ar fud an domhain

**(ii)** Cad a léiríonn comhartha aitheantais UNESCO faoi Chruitireacht na hÉireann? (Alt 4) (Pointe **amháin** eolais) **{2 mharc}**

- Léiríonn sé an seasamh idirnáisiúnta atá bainte amach ag Cruitireacht na hÉireann = 2 mharc

**5.** **(a)** Cén aidhm atá ag an tionscadal *dúchas.ie*? (Alt 5) **{3 mharc}**

- Cnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú chun go mbeidh fáil ag an bpobal ar shaibhreas béaloidis na tíre ar shuíomh gréasáin poiblí = 3 mharc

**(b)** **(i)** Cén deis a thugann an *Pop Up Gaeltacht* do dhaoine? (Alt 5)
(Deis **amháin**) **{2 mharc}**

- Tugann an *Pop Up Gaeltacht* deis do dhaoine bailiú le chéile in áiteanna sóisialta chun an Ghaeilge a labhairt = 2 mharc
- Tugann an *Pop up Gaeltacht* deis do dhaoine an Ghaeilge a labhairt = 1 mharc

**(ii)** Scríobh síos **dhá** thoradh fhadtéarmacha a bhfuiltear ag súil leo ón bhfiontar *gteic*. (Alt 5) (**Dhá** thoradh) **{2 mharc**: **1 mharc** + **1 mharc}**

An chéad toradh atá ceart = 1 mharc; an dara toradh atá ceart = 1 mharc

- Táthar ag súil leis go gcruthóidh *gteic* deiseanna fostaíochta agus gnó sna ceantair Ghaeltachta = dhá thoradh = 1 mharc + 1 mharc = 2 mharc
- Táthar ag súil leis go gcruthóidh *gteic* deiseanna fostaíochta sna ceantair Ghaeltachta = 1 mharc
- Táthar ag súil leis go gcruthóidh *gteic* deiseanna gnó sna ceantair Ghaeltachta = 1 mharc
- Táthar ag súil leis go meallfar diaspóra na Gaeltachta ar ais abhaile = 1 mharc

**6.** **(a)** Aimsigh sampla d'ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra in Alt 2 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 5. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla d'ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra in Alt 2: (i measc na) dteangacha, (go leor) suíomhanna
Sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 5: meastar, táthar

**(b)** Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** chúis ar scríobh an t-údar an sliocht seo, dar leat. Bíodh tagairt **amháin** ón sliocht agat, **i d'fhocail féin**, ag tacú le gach cúis a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.)

**Dhá** chúis = **6** mharc + **6** mharc
Cúis **1** a lua = **2** mharc + Plé ar an gcúis le tagairt chruinn as an sliocht mar thacú léi = **4** mharc
Cúis **2** a lua = **2** mharc + Plé ar an gcúis le tagairt chruinn as an sliocht mar thacú léi = **4** mharc
**Treoir:**
Tá 'bunaithe ar an eolas sa sliocht' agus 'i d'fhocail féin' luaite sa cheist seo. Dá bharr sin, ní mór do na hiarrthóirí an cheist a fhreagairt ina gcuid focal féin agus ní thabharfar creidiúint ar bith d'eolas nach bhfuil sa sliocht.

(Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d’fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar)
Cuir lúibíní cearnacha thart ar abairtí sa fhreagra a thógtar díreach ón sliocht.

**Samplaí:**

- Spreagadh an t-údar chun an sliocht seo a scríobh le comóradh a dhéanamh ar bhunú Fhoras na Gaeilge i mí na Nollag 1999…tugann an t-údar cur síos cuimsitheach ar obair an Fhorais ar son na Gaeilge in Éirinn uile…
- Theastaigh ón údar a léiriú dúinn go bhfuil an Ghaeilge beo beathach bríomhar ar líne sa lá atá inniu ann a bhuí le foclóirí ar líne agus suíomhanna idirlín cosúil le tuairisc.ie, peig.ie…
- Tá cur síos sa sliocht ar Chomórtas Peile na Gaeltachta ag ceiliúradh caoga bliain a bhunaithe anseo…an cuntas spéisiúil ar bhunú an chomórtais…is cuid luachmhar de chultúr na hÉireann anois é Comórtas Peile na Gaeltachta…
- Faighimid cuntas ar an amhránaí cáiliúil Máire Ní Bhraonáin agus ar an ngrúpa Clannad… rinne sí éacht ar son an cheoil ina ceantar féin…an tábhacht a bhain leis an amhrán ‘Theme from Harry’s Game’ don ghrúpa Clannad…
- Tugtar cur síos ar an aitheantas domhanda atá faighte ag Cruitireacht na hÉireann…
- Theastaigh ón údar béim a chur ar *dúchas.ie*, tionscadal chun béaloideas na tíre a chur ar líne…
- An *Pop Up Gaeltacht…*mhínigh sé go raibh thart ar 150 *Pop Up Gaeltacht* ar siúl timpeall an domhain go dtí seo…is deiseanna iad chun an Ghaeilge a úsáid agus a chleachtadh i suíomhanna sóisialta áit ar bith ar domhan...
- Tugadh eolas freisin faoi *gteic*-togra chun seansanna a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta poist a fháil agus tráchtáil a fhorbairt taobh istigh de na Gaeltachtaí a bhuí leis an idirlíon…tá súil ag bunaitheoirí *gteic* go bhfillfidh muintir na Gaeltachta atá thar lear ar ais abhaile…

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí thuasluaite uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

C1 (2) + P1 (4) =
C2 (2) + P2 (4) =

Ag bun Léamhthuiscint B, léirigh na marcanna mar seo:

**C 1(B) (50) =**

Suimigh na hiomláin anois:

**Ceist 1(A) (50) =**
**Ceist 1(B) (50) =**
**Iomlán (100) =**

## Ceist 2 PRÓS (30 marc)

### – PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

**Nóta:** I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.
**Nóta:** Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais. Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) ***nó*** Ceist 2B (Prós Roghnach).

**2A. Prós Ainmnithe**
Freagair an cheist thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

**Hurlamaboc**
"Bhí caithréim bainte amach ag Lisín agus a lán le ceiliúradh ag a clann, dar léi féin."
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 25 marc**

| Catagóir | Eolas | (25 marc) | Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 22-25 | Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 18-21 | Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an téacs<br>Insint lom ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 14-17 | Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 10-13 | Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 | Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**Nótaí tacaíochta:**

- Is bean shaibhir í Lisín. Tá Lisín sona sásta lena saol teaghlaigh féin.Tá cónaí uirthi ar Ascaill na Fuinseoige agus tá sí pósta le Pól. Tá sí go hiomlán gafa lena saol féin agus lena híomhá féin. Is eiseamláir í do na mná eile ar an ascaill…
- Molann gach duine a saol. D'aithin sí na féidearthachtaí a bhí i bPól nuair a bhí sé óg agus phós sí é nuair nach raibh sé saibhir ach bhí sí chun é a chur ar an mbóthar ceart. Is fear saibhir, léannta anois é agus is léachtóir ollscoile é. Tá sí bródúil as. Déanann sé airgead ar an idirlíon agus bíonn an t-airgead sin infheistithe aige go cliste sa tslí nach mbíonn air a lán cánach a íoc. Tá nós aige tithe agus árasáin a cheannach ar fud na hEorpa. Tá sé saibhir anois agus is cúis cheiliúrtha é sin di. Tá sí bródúil freisin as an mbeirt mhac atá aici agus ag Pól…
- Tá sí pósta ar feadh fiche bliain agus tá Ruán ocht mbliana déag d'aois agus Cuán trí bliana déag d'aois. Bíonn sé de nós ag gach duine sa teaghlach an rud a theastaíonn ó Lisín a chloisteáil a rá léi. Tá cóisir mhór chaithréimeach eagraithe ag Lisín don ócáid agus gach rud idir lámha aici. Teastaíonn uaithi go mbeadh gach rud foirfe don chóisir. Tá gloiní ordaithe aici ón siopa fíona, fíon ceannaithe aici, reoiteoir amháin le pióga agus le hispíní, le bradán agus le harán lámhdhéanta den uile shórt agus an dara reoiteoir ar cíos don bhia milis. Is léir go bhfuil teach breá fairsing le gairdín aici agus dá mbeadh an lá go breá, bheadh an chóisir amuigh sa ghairdín le boird agus cathaoireacha ar iasacht ó na comharsana agus dá mbeadh drochaimsir ann, bheadh an teach mór go leor do na haíonna go léir. Bhí gach rud glan agus néata agus álainn: péint nua ar na ballaí, snas ar na hurláir agus bláthanna sna prócaí. Is léir go dteastaíonn ó Lisín an méid atá bainte amach aici sa saol a cheiliúradh agus a léiriú go hoscailte don domhan mór…
- Tá féiníomhá an-tábhachtach di, gruaig fhada fhionn uirthi, tá sí tanaí, néata, dathúil agus foirfe. Tá sí níos faiseanta agus níos néata ná aon duine eile. Tá cuma na mná óige uirthi…
- Ní chreidfeadh aon duine, dar leis an Uasal Mac Gabhann go bhfuil Lisín fiche bliain pósta. 'tá an chuma uirthi gur cailín óg í' dar leis an Uasal Mac Gabhann. Tá sí níos slachtmhaire ná aon bhean eile ar Ascaill na Fuinseoige. Bhí rud éigin sa bhreis ag Lisín ar na mná eile…
- Is maith léi freisin nuair a bhíonn a fhios ag na comharsana go mbíonn sí gnóthach sa saol. Ní gá di dul amach ag obair in aon chor. Tá baint aici le mórán clubanna, clubanna leabhar agus staire, clubanna a oibríonn ar son na ndaoine bochta agus clubanna garraíodóireachta… Foghlaimíonn sí mórchuid teangacha freisin. Tá suim mhór aici sna scannáin agus sna drámaí. D'fhéadfadh sí labhairt ar aon ábhar ar bith faoin ngrian. Is léir go bhfuil sí féinmhuiníneach…

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C2A (30) =

**2B. Prós Roghnach**

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.**

Maidir leis an ngiota as an **úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa ghiota. Déan plé ar an bpáirt atá ag an bpríomhcharachtar (ag an bpríomhphearsa) sin sa ghiota.

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

**Eolas = 25 marc**

**Treoir**: An príomhcharachtar (an phríomhphearsa) a ainmniú agus plé cuimsitheach a dhéanamh ar an bpáirt atá ag an duine sin sa ghiota.

| Catagóir | Eolas | (25 marc) | Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 22-25 | Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 18-21 | Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an téacs<br>Insint lom ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 14-17 | Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 10-13 | Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-9 | Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C2B (30) =

## Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)

**– FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH – (30 marc)**

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** Ceist 3B (Filíocht Roghnach).

### 3A. Filíocht Ainmnithe

(i) Cad é príomhthéama an dáin *Mo ghrá-sa (idir lúibíní)*, dar leat?
Déan plé ar na híomhánna a úsáideann an file sa dán chun an príomhthéama sin a léiriú.

**Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar na híomhánna a úsáideann an file sa dán chun an príomhthéama sin a léiriú = **11** mharc

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir an príomhthéama a ainmniú agus léiriú a thabhairt ar an gcaoi a gcuirtear é in iúl trí na híomhánna. Ní mór don iarrthóir tagairtí cruinne do théacs an dáin a úsáid sa fhreagra.

| Catagóir | Plé (11 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

**Príomhthéama:** Grá an fhile don fhear, dá leannán…tá grá fírinneach ag an bhfile don fhear seo... is cuma léi faoi chuma fhisiciúil an duine, tá pearsantacht agus tréithe an fhir i bhfad níos tábhachtaí don fhile ná tréithe fisiciúla an duine…
**Na híomhánna**: Cur síos ar bhláthanna na n-airní ag fás ar chrann i ngairdín nó aon áit eile…deir an file nach bhfuil an fear cosúil leis na bláthanna áille seo…
Na nóiníní a bheidh ag fás as cluasa an fhir agus é curtha san uaigh...
Sa tríú véarsa deirtear nach bhfuil súile an fhir ródheas, nach bhfuil siad glas agus go bhfuil siad róghar dá chéile…
Deir an file go bhfuil gruaig an fhir seo cosúil le sreang dheilgneach, an cineál céanna gruaige is a bhí ar bhean dhubh Shakespeare…
Seasann na húlla do rudaí bunúsacha sa saol agus seasann na caora fíniúna do shólaistí agus do shónna na beatha...taispeánann na bronntanais seo féile an fhir…

(ii) An teideal oiriúnach ar an dán é *Mo ghrá-sa (idir lúibíní)*, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

**Eolas = 5 mharc**

Tuairim = **1** mharc
Eolas = **4** mharc
**Mar phointe eolais**, ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an tuairim sin i gcomhthéacs an dáin agus tagairtí a úsáid do línte cuí ón dán.

**Pointí eolais:**
Léiríonn (idir lúibíní) sa teideal nach dán grá idéalach é seo…cuireann na lúibíní sa teideal in iúl nach bhfuil an fear seo foirfe…
Ba mhaith leis an bhfile an teachtaireacht a thabhairt don léitheoir nach bhfuil an fear óg seo a bhfuil sí i ngrá leis foirfe...
Tá an file ag rá linn go bhfuil dea-thréithe agus pearsantacht thaitneamhach i bhfad níos tábhachtaí ná tréithe fisiciúla an duine…
Úsáidtear lúibíní chun áibhéil a chur in iúl…tá an cur síos ar an bhfear thar fóir…níl sé chomh hálainn le bláthanna na n-airní a bhíonn ag fás ar chrann ar bith…deir sí go mbeidh nóiníní ag fás as a chluasa agus é ocht dtroigh síos…tá a shúile róchóngarach dá chéile…tá a ghruaig cosúil leis an ngruaig a bhí ar bhean dhubh Shakespeare…
Úsáidtear na lúibíní chun a léiriú gur dán difriúil é seo…ag deireadh an dáin, feicimid gur duine tuisceanach daonna é an fear…tugann sé aire don bhean, tugann sé úlla di agus nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar caora fíniúna…

| **Catagóir** | **Marc as 4** |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart, bronn 0 ar an mír ar fad.
**Ainm an file** = Nuala Ní Dhomhnaill = **1** mharc
**Saol:** Rugadh i Lancashire Shasana í sa bhliain 1952.
D'fhill sí ar Éirinn nuair a bhí sí cúig bliana d'aois.
Tógadh í i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.
Rinne sí staidéar ar an nGaeilge agus ar an mBéarla i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.
Bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla sa bhliain 1972.
Le linn di a bheith ag freastal ar an ollscoil, bhí sí ina ball den ghrúpa INNTI.
Chaith sí tamall ag múineadh.
Tá fíorshuim ag Nuala sa bhéaloideas agus i seanscéalta a bhaineann le mná.
Is ball d'Aosdána í Nuala.
**Saothar:** I measc na leabhar atá foilsithe aici tá An Dealg Droighin (1981), Féar Suaithinseach (1984), Pharaoh's Daughter (1990), Feis (1991), Cead Aighnis (1998)…

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C3A (30) =

**3B. Filíocht Roghnach**

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.**

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat. Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. **Eolas = 13 mharc**

Príomhthéama = **2** mharc
Plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin = **11** mharc

| Catagóir | Plé (11 mharc) | Marcanna |
|---|---|---|
| Sármhaith | Plé sármhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 10-11 |
| An-mhaith | Plé an-mhaith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 8-9 |
| Maith | Plé maith le tagairtí cruinne, ábhartha agus téagartha don dán | 6-7 |
| Measartha | Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 4-5 |
| Lag/An-lag | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-3 |

(ii) An bhfuil teideal an dáin oiriúnach do phríomhthéama an dáin, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) **Eolas = 5 mharc**

Tuairim = **1** mharc
Eolas = **4** mharc

**Mar phointe eolais**, ní mór don iarrthóir míniú a thabhairt ar an tuairim sin i gcomhthéacs an dáin agus tagairtí a úsáid do línte cuí ón dán.

| Catagóir | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin.

**Eolas = 7 marc**

Ainm an fhile = **1** mharc
Saol agus saothar an fhile sin = **6** mharc
**Trí** phointe eolais ag teastáil anseo: **2** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais
(**Dhá** cheann ar shaol agus **ceann** ar shaothar an fhile **nó dhá** cheann ar shaothar agus **ceann** ar shaol an fhile)
**Nóta:** Má bhíonn ainm an fhile mícheart, bronn 0 ar an mír ar fad.

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

| **Gaeilge** | **(5 mharc)** |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

C3B (30) =

## Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F) thíos.

**Treoracha:** Iarrtar ar na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an ráiteas agus eolas/tuairimí a léiriú sa fhreagra agus úsáid a bhaint as samplaí cruinne, téagartha ón téacs. Déantar an freagra a mheas mar aonad agus an t-eolas a mharcáil as 35 marc agus an Ghaeilge san iarracht a mheas as 5 mharc. Ní mór don scrúdaitheoir an mionbhriseadh marcanna seo a léiriú sa fhreagarleabhar.

| Catagóir | Eolas (35 marc) | | Gaeilge (5 mharc) | |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sárthéagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 30-35 | Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don téacs<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 25-29 | Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an téacs<br>Insint lom ar phríomhghnéithe an téacs sna pointí eolais | 20-24 | Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 14-19 | Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| **Lag/ An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-13 | Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

Eolas (35) =

Gaeilge (5) =

C4 (40) =

**4A. An Triail**

"Cé a deir gur tír Chríostaí í seo? " arsa Seáinín an Mhótair agus é ag tagairt do chás an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh sa dráma *An Triail*.
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Nótaí tacaíochta:**

- Caitheadh go dona le Máire Ní Chathasaigh sa dráma. Bhí tionchar láidir ag an Eaglais Chaitliceach ar shochaí na hÉireann sna seascaidí. Ba gheall le peaca é leanbh a bheith ag cailín neamhphósta. Ní raibh trua ar bith ag sochaí na hÉireann do Mháire sa dráma seo. Sochaí fhimíneach chúngaigeanta atá léirithe sa dráma seo. Bhris Máire rialacha na sochaí agus d'fhulaing sí…
- Maidir le teaghlach Mháire ba bheag rian den Chríostaíocht a bhí le feiceáil sa tslí inar chaith siad le Máire. Bean láidir údarásach í Bean Uí Chathasaigh. Cailleadh a fear céile agus bhí sí mar mháthair agus mar athair ar an teaghlach. Bhí fís aici don teaghlach, go mbeadh Máire ina bean rialta, Seán ina shagart agus Liam i mbun na feirme. Chuir sí béim mhór ar an gcreideamh, ar thuairimí na gcomharsan. Níor lig sí do Mháire dul chuig na rincí ach amháin sa teach scoile an oíche úd toisc go raibh an sagart ina bhun. Nuair a fuair sí amach go raibh Máire ag iompar clainne bhí sí ar buile. Ginmhilleadh an réiteach a bhí ag teastáil ó Bhean Uí Chathasaigh. Ba mhaith léi an ghin sa bhroinn a mharú le deoch nimhiúil ach ní raibh Máire sásta an deoch sin a ól. Mhaslaigh an mháthair í agus dúirt sí go raibh a hiníon stuacach ceanndána agus mígheanmnaí, ghlaoigh sí striapach ar Mháire. An rud ba mhó a bhí ag cur isteach ar Bhean Uí Chathasaigh ná go mbeadh sí náirithe os comhair na gcomharsan. Ní raibh aon trua aici do Mháire. Dar léi, tharraing Máire an trioblóid uirthi féin. Cheap sí gur thóg sí í go creidiúnach agus go críostúil. Dúirt sí gur rud neamhghlan é an leanbh, mallaithe ag Dia agus ag duine. Chuir sí an ruaig ar Mháire as a teach agus dúirt sí léi an fear a phósadh agus dul go Sasana. Thréig sí Máire in am an ghátair. Níor léirigh sí Críostaíocht ar bith dá hiníon…
- Cé go raibh an deartháir Seán Ó Cathasaigh ag smaoineamh ar bheith ina shagart níor thaispeáin sé aon Chríostaíocht ach an oiread. D'inis sé do Bhean Uí Chathasaigh go mbíodh Máire breoite ar maidin. Ba chuma leis go raibh sí ag fulaingt, sa chúirt dúirt sé gur tharraing Máire náire shaolta orthu. Ina thuairim, loit sí saol an teaghlaigh agus chiontaigh sí in aghaidh Dé…
- Deartháir eile nár thug aire mhaith di oíche an rince ná Liam Ó Cathasaigh. Ba chuma leis gur fhág sé ina haonar le Pádraig í ag an rince. Ní mise a coimeádaí, a dúirt Liam. Ní raibh ag teastáil uaidh ach cleamhnas le Beití de Búrca…
- Chruthaigh Pádraig Mac Cárthaigh go leor deacrachtaí do Mháire. Bréagadóir agus fear mídhílis dá bhean chéile Nóra ba ea é. Mheall sé Máire agus thuig sé go raibh easpa taithí aici ar chúrsaí an tsaoil. Mheall sé í lena fhocail agus lena bhréaga. D'fhág sé Máire in umar na haimléise. Nuair a d'fhill sé ag deireadh an dráma, tuigimid go raibh sé pósta arís agus ní raibh fonn air a iníon, Pádraigín a fheiceáil. Ní raibh trua aige do Mháire. Ní raibh meas aige uirthi. Ní raibh mórán Críostaíochta le feiceáil ina iompar i leith Mháire…
- Bhí Bean Uí Chinsealaigh breá sásta Máire a fhostú mar chúntóir tís gan aon litreacha molta ar an ráta pá mícheart ach nuair a fuair sí amach go raibh Máire torrach, chuir sí an ruaig uirthi arís. Cad a déarfadh na mná rialta?...
- Chuir Áine Ní Bhreasail, an t-oibrí sóisialta dearcadh an stáit in iúl mar theastaigh uaithi Máire a chur isteach sa Teach Tearmainn go dtí go dtiocfadh an leanbh ar an saol agus ansin an leanbh a chur ar altramas…
- Bhí tuiscint ag Seáinín an Mhótair ar an tsochaí ag an am sin nuair a thit an teach anuas orthu i mí an Mhárta agus bhí Máire agus an páiste Pádraigín fágtha ar thaobh na sráide gan aon lóistín. Cé a deir gur tír Chríostaí í seo? a deir sé. Ní raibh na mná rócharthanach críostúil agus níor ardaigh siad barr méire chun cabhrú léi. Cheap siad go raibh Máire 'mór inti féin, rómhór dá bróga, gan aici ach

leanbh tabhartha'. Dúirt Seáinín gur nóinín i measc na neantóg í Máire. Ag deireadh an dráma taobh leis an uaigh, dúirt sé gur bhris sí na rialacha agus dar leis, an té a bhriseann rialacha an chluiche, cailltear ann é…

- Léirigh an striapach Mailí carthanacht do Mháire. Bhí meas aici ar Mháire, thug sí lóistín di nuair a bhí Máire fágtha gan dídean agus fuair sí obair oiriúnach di. Níor cháin sí Máire in aon chor murab ionann is an tsochaí timpeall ar Mháire…

**4B. A Thig Ná Tit Orm**

"Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, tugann Maidhc Dainín cuntas spéisiúil dúinn ar chúrsaí scolaíochta agus ar chúrsaí caitheamh aimsire agus é ag fás aníos sa Ghaeltacht."
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Ní mór don iarrthóir plé a dhéanamh ar an dá ghné den ráiteas – cúrsaí scolaíochta agus cúrsaí caitheamh aimsire. Gan ach gné amháin luaite agus pléite, tá an t-eolas easnamhach. Déan measúnú ar fhiúntas an fhreagra dá réir sin.

**Nótaí tacaíochta:**

- An chéad Luan de Mheán Fómhair 1947 agus Maidhc ar scoil den chéad uair, a chéad lá ar scoil, an caidreamh lena mháthair agus iad ag ullmhú don scoil, cheap Maidhc go raibh sé ag dul go dtí an siopa…
- An leasainm 'Siúit' óna athair, a chéad troid ar scoil le Tomás ó Chathair Scoilbín, fuair an bheirt acu íde béil agus trí stiall den tslat fuinseoige ón máistreás…
- Bhí an pheil mar chaitheamh aimsire agus iad ar scoil. Tugadh cur síos ar an gcluiche le liathróid bheag rubair, clocha ag marcáil na mbáidí, ní bhíodh aon rialacha ag baint leis an gcluiche peile, ní bhíodh aon réiteoir i bhfeighil an chluiche…
- Cuairt an chigire ar an mbunscoil, an cur síos ar an gcigire…Uinseann Ó Grífín…
- Scéal faoi bhean an tincéara ag róstadh rud éigin sa chorcán ar an tine oscailte, caitheadh an scraithín isteach i gcorcán bhean an tincéara…fuair na buachaillí ceithre bhuille de shlat ón máistir. Bhí cód i measc na ndaltaí gan sceitheadh ar aon duine…
- An scéal faoin gcat agus faoin bpiscín…an mháistreás ar buile le Pádraig...
- An bhothántaíocht mar chaitheamh aimsire ag an am sin…
- Ní raibh solas aibhléise sna tithe, an lampa íle agus an tine mhóna a bhíodh acu agus scéalaíocht mar chaitheamh aimsire san oíche…
- Bhí dhá raidió sa pharóiste, ceann i dtigh Mhaidhc agus an ceann eile i dtigh an mhúinteora… lá an All-Ireland…daoine bailithe amuigh sa ghairdín ag éisteacht le Micheál Ó hEithir…
- Scéal faoin mbean agus í ag éisteacht leis an dráma Béarla ar an raidió, ní raibh taithí ag muintir na háite ar an raidió - you are near enough now…
- Na scéalta a bhíodh ag Grae…
- An iascaireacht mar chaitheamh aimsire ag muintir na háite…na bradáin…Dainín ag titim isteach san abhainn agus a phíp fós ina dhraid aige…na gardaí ag faire na habhann ag an am sin, daoine ag iascach go mídhleathach…
- Toitíní agus caitheamh tobac, nós a bhíodh ag na buachaillí óga…Maidhc ag éirí breoite…Eddie Hutch…na seifteanna a bhí acu chun airgead na dtoitíní a fháil, bhídís ag goid uibheacha nó ghearradh siad eireaball na gcapall…

- Ba léir go raibh suim mhór ag Maidhc, a dheartháir Páidí agus ag a dtuistí sa cheol…Cox of Kilcock agus an bosca Hohner, dhá phunt ó Mham mar éarlais, Seán Ó Domhnaill, an ceoltóir áitiúil, Seán Coughlan agus ceol in Chicago (an imirce ag an am sin), Dainín ag seinm ar mhileoidean…
- Ní raibh suim ag Maidhc Dainín sna leabhair…bhí fonn air dul ag obair le feirmeoir…
- Chuaigh Maidhc ar Cheardscoil an Daingin…cúrsaí peile sa cheardscoil…Micheál Ó hIarnáin, an múinteoir adhmadóireachta i bhfeighil na foirne. Bhí bua ag foireann na ceardscoile ar Oileán Chiarraí, foireann an Choireáin sa chluiche leathcheannais agus ar an Tóchar sa chluiche ceannais…bhí an bua acu sa chluiche ceannais agus Maidhc Dainín mar chúl báire…
- Cuairt ar thigh Mhaidhcín Fuacht ag am lóin…
- Rásaí na naomhóg le Ceardscoil an Daingin…
- Chaith Maidhc tréimhsí sa samhradh ag obair do na feirmeoirí áitiúla ag gabháil d'fhéar sa ghort…
- Cur síos ar na cúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht 1958…cead isteach ag Maidhc go dtí na céilithe móra saor in aisce agus seinm ag na céilithe beaga ar £30 do na trí mhí a bhíodh na cúrsaí ar siúl…an cur síos ar Sheán Mór agus eachtra na léine…
- An eachtra faoin dréimire…Eibhlín Ní Shúilleabháin ó chathair Luimnigh agus bean an tí leis an scuab...

**4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne**

"Tugtar léiriú éifeachtach dúinn ar thréithe Ghráinne agus ar an bpáirt atá aici sa *Tóraíocht*."
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach ar charachtar Ghráinne, ar a tréithe agus ar an bpáirt atá aici sa scéal…

**Nótaí tacaíochta:**

- Ag tús na Tóraíochta, thoiligh Gráinne Fionn a phósadh ach ansin thosaigh sí ar phlean a cheapadh a chuirfeadh ar a cumas éalú le Diarmaid i gcoinne a thola…bean chliste í Gráinne, í ag scéiméireacht an t-am ar fad. Lig sí uirthi go raibh sí sásta Fionn a phósadh. Ní raibh sí ionraic macánta…
- Bean de shliocht uasal í. Dúirt sí lena hathair Cormac Mac Airt dá mbeadh Fionn Mac Cumhaill maith go leor mar chliamhain dá hathair go mbeadh sé oiriúnach mar fhear céile di féin…
- Ba bhréagadóir í ag smaoineamh uirthi féin an t-am ar fad. Nuair a bhailigh Fionn agus na Fianna le chéile i dTeamhair, dúirt Gráinne leis an draoi gur chirte go mór í fein a bheith á lorg mar bhean d'Oisín. Bhí Gráinne leithleach ag smaoineamh uirthi féin an t-am ar fad. Chuir sí ceisteanna faoi ainmneacha na dtaoiseach eile a bhí bailithe ag an bhféasta agus ba léir ón gceist a chuir sí faoi Dhiarmaid Ó Duibhne go raibh suim faoi leith aici ann…
- Bhí grá aici do Dhiarmaid. Ghlaoigh Gráinne ar chailín freastail agus dúirt sí léi corn a thabhairt sall go dtí Fionn agus a rá leis gur Ghráinne a d'iarr air deoch a ól as. D'ól Cormac an deoch suain as an gcorn…thit codladh air láithreach agus ansin d'ól na huaisle eile an deoch chéanna agus thit siad go léir ina gcodladh…
- Bhí gliceas agus mailís ag baint le Gráinne ansin. Shuigh sí síos ansin idir Oisín agus Diarmaid agus dúirt sí le hOisín gurbh ionadh léi Fionn a bheith á lorg féin mar bhean chéile, go raibh sé róshean di agus gur chóir duine cosúil le hOisín a bheith aici. D'iarr sí ar Oisín suirí a dhéanamh léi ach ní bheadh aon bhaint aige léi toisc í a bheith geallta le Fionn…easpa dílseachta Ghráinne…ba chuma léi faoi dhaoine eile…chuir sí an cheist chéanna ar Dhiarmaid éalú léi agus dhiúltaigh Diarmaid toisc go raibh Gráinne luaite le Fionn…
- D'úsáid Gráinne a gliceas agus a mailís nuair a chuir sí Diarmaid faoi gheasa éalú léi. Bhí a fhios aici go maith nach mbrisfeadh Diarmaid na geasa. D'inis sí do Dhiarmaid gur chuir sí faoi gheasa é toisc

go bhfaca sí é ag imirt iománaíochta ar fhaiche na Teamhrach agus gur thug sí grá dó ansin nach dtabharfadh sí do dhuine ar bith eile. Ní raibh fonn ar Dhiarmaid imeacht léi ach fuair sé comhairle óna chomrádaithe dul léi…Ní raibh rogha aige ach dul léi…
- Chruthaigh sí na deacrachtaí ar fad do Dhiarmaid. Bhí a fhios ag Gráinne go mbeadh an bás i ndán do Dhiarmaid toisc gur bhris sé an ceangal dílseachta idir é agus Fionn. Nuair a chuir sí geasa ar Dhiarmaid, mhaslaigh sí Fionn agus chuir sí Diarmaid i mbaol a bháis…
- Bhí Gráinne iarratach toisc go raibh súil aici go mbeadh Diarmaid agus Muadhán ag freastal uirthi. Mar shampla, bhí ar Dhiarmaid filleadh chun dhá chapall agus carbad a fháil di nuair a d'éirigh sí tuirseach. Rinne Diarmaid leaba di i lár Dhoire Dá Bhaoth. Ba léir go raibh grá ag Diarmaid di mar thug sé trí phóg do Ghráinne i nDoire Dá Bhaoth agus gach duine ag féachaint air. Bhí Diarmaid ionraic le Gráinne an t-am ar fad agus choimeád sé é gan teagmháil ar bith le Gráinne agus d'fhág sé píosa feola i nDoire Dá Bhaoth mar chomhartha d'Fhionn nár bhain sé le Gráinne…thosaigh Gráinne ag tromaíocht ar Dhiarmaid agus ansin rinne sé bean di…
- Bhí Gráinne cliste agus smaoinigh sí ar chuireadh a thabhairt do Chormac agus d'Fhionn oíche a chaitheamh sa teach léi agus le Diarmaid. Bhí sí ag smaoineamh go mbeadh an bheirt acu níos ceanúla ar Dhiarmaid dá bharr. D'aontaigh Diarmaid leis an bplean dhá fhleá a ullmhú – ceann acu féin agus ceann eile i dteach a hiníne féachaint an gcasfaí fear ar an iníon a bheadh oiriúnach mar fhear céile di…
- An eachtra le Torc Bhinne Gulban, baineadh geit uafásach as Gráinne nuair a chonaic sí cú Dhiarmada in éineacht le Fionn. Bhí a fhios aici ansin go raibh Diarmaid marbh. Léirigh sí trua ansin agus leis an ngeit a baineadh aisti, rugadh triúr mac di roimh am agus iad go léir marbh…
- Bhí fonn díoltais uirthi nuair a bhuail sí le clann Dhiarmada i 'Ráith Ghráinne' agus chuir Gráinne iachall orthu díoltas a bhaint amach ar Fhionn Mac Cumhaill…

**4D. Gafa**

"Is léir nach spéis le Breandán cruachás a mhic, Eoin, ná todhchaí a phósta le hEithne sa sliocht as an úrscéal *Gafa*."

Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar Bhreandán agus é i ngleic le cruachás a mhic, Eoin agus a iompar i leith a phósta le hEithne i bhfianaise na n-imeachtaí san úrscéal…

**Nótaí tacaíochta:**

- Cás an déagóra Eoin atá in umar dorcha na handúile agus an drochthionchar atá ag iompar Bhreandáin ar a mhac Eoin, ar a iníon Sinéad agus ar a bhean chéile Eithne. Ní thugann Breandán tacaíocht dá laghad don teaghlach…
- Tá teannas agus míshuaimhneas sa teach ó tháinig Eithne ar fhearas na ndrugaí faoi leaba Eoin. Is léir nach dea-chomharthaí iad an púdar bán, an spúnóg bheag airgid agus na stráicí de pháipéar tinsil…
- Tá teipthe ar an gcaidreamh idir Eoin agus Eithne agus níl suim dá laghad ag Breandán i gcúrsaí a theaghlaigh. B'fhearr leis an nuachtán a léamh agus tá Eithne ina príosún beag féin. Níl smacht ag Breandán ar na páistí…
- Nuair a ghlaonn Breandán 'Froggy' ar an múinteoir Fraincise, pléascann Eoin amach ag gáire agus tá seasamh Eithne scuabtha chun bealaigh anois. Ní féidir léi íde béil a thabhairt d'Eoin as a bheith drochbhéasach. Tá a fhios ag Eoin go bhfuil Breandán ag siúl amach le rúnaí na scoile, Amy. Is duine mídhílis mímhacánta é Breandán. Tá dúmhál á dhéanamh ag an mac ar an athair…

- Caithfidh Breandán céad caoga euro in aghaidh na seachtaine a thabhairt don mhac. Tá a fhios ag Eoin go bhféadfadh sé 'an seanleaid' a scriosadh lena bhfuil ar eolas aige faoi. Ceannach ciúnais atá i gceist anseo agus trí iompar Bhreandáin agus easpa tacaíochta dá bhean, tá todhchaí a mhic agus a phósta i mbaol…
- Ní ghlacann Breandán le freagrachtaí ar bith sa teach. Feicimid Eithne faoi bhrú millteanach ón uair a tháinig sí ar an bhfearas faoi leaba Eoin go diúltú na fírinne, buairt leanúnach faoi Eoin, fearg le heaspa tacaíochta Bhreandáin, tuirseach de bheith ag déileáil le fadhbanna ina haonar. Ní thuigeann Eithne cén fáth a bhfuil an gaol idir í agus Breandán athraithe. Tá deireadh tobann leis na nósanna rialta a bhíodh acu. Ní théann siad amach go dtí an phictiúrlann nó go dtí an amharclann a thuilleadh. Tá Breandán ag feidhmiú ina dhomhan leithleach féin agus is beag aird a thugann sé ar aon ní atá ag tarlú sa tigh. Saol rúnda atá á chaitheamh aige agus tá údarás Bhreandáin caillte i leith Eoin. Níl spéis aige i gcruachás a mhic. Tá an easpa cumarsáide idir Eithne agus Breandán ag cruthú deacrachtaí móra 'ní cheadaíonn an easpa cumarsáide di a díomá a fhógairt go hoscailte'. Níl fonn air éisteacht le hEithne agus í ag iarraidh a buairt faoi Eoin a léiriú 'nach féidir labhairt faoi seo ar maidin', a dúirt sé léi…
- Nuair a thagann Eoin isteach déanach, tá Breandán sásta nuair nach bhfuair sé boladh an óil agus go ndúirt Eoin go raibh sé i dtigh Chillian Mhic Raghnaill. Cosnaíonn Breandán an mac agus ní fhaigheann Eithne tacaíocht uaidh 'ní dochar ar bith é fanacht amuigh déanach san oíche'.
- Cur i gcéill Bhreandáin nuair a deir sé le hEithne go bhfuil sé chun cúpla lá a chaitheamh ar cuairt ar a dheartháir atá ina chónaí thíos faoin tír...tá saol uaigneach aonaránach ag Eithne…í suaite agus míshuaimhneach nuair a thuigeann sí gur mac le poitigéir é Cillian…tagann amhras uirthi nuair a chuimhníonn sí ar an nós atá ag Eoin seasamh le stócaigh eile na háite ag an gcoirnéal sráide…
- Eithne ina haonar an oíche a fhilleann Eoin abhaile agus feiceann sí rian na snáthaide i lúb na huillinne air…
- Níl suim dá laghad ag Breandán éisteacht leis an gcomhairleoir, Marian Johnson. Cosnaíonn Breandán Eoin i gcónaí…géarchéim atá sa teaghlach…tá diúltaithe glan ag Breandán glacadh leis gur andúileach de chineál ar bith é a mhac…

**4E. Canary Wharf**

"Sa scéal *Cúrsa Eitilte*, tugtar léiriú éifeachtach dúinn ar na deacrachtaí a bhí ag Theo agus an t-ádh a bhí air ag deireadh an scéil."
Déan plé ar an ráiteas sin. **Eolas = 35 marc**

**Treoir:** Plé cuimsitheach a dhéanamh ar na deacrachtaí a bhí ag Theo agus mar a rith an t-ádh leis ag deireadh an scéil.

**Nótaí tacaíochta:**

- Is léir go bhfuil grá idir an bheirt acu - Theo chun buidéal Estée Lauder a cheannach mar bhronntanas d'Alana san aerfort agus bhí slabhra ó bhailiúchán Newbridge – torc airgid i stíl Cheilteach ina mhála aige di…
- Thosaigh na deacrachtaí taistil toisc nach raibh an ticéad páipéir ag Theo ag an aerfort. Bhí níos mó taithí aige ar an ticéad leictreonach. Bhí air táille a íoc chun ticéad eile a eisiúint dó ag deasc eile…
- Díreach ina dhiaidh sin, bhí frustrachas ar Theo arís nuair a fuair sé amach go raibh a bhagáiste róthrom, 25 cileagram a bhí ceadaithe ach bagáiste 29 cileagram a bhí ag Theo agus bhí táille bhreise le híoc aige…

- Bhí sos ag Theo ansin sa tolglann phríobháideach nuair a sheol sé teachtaireacht chuig Alana…
- D’fhreagair Alana go raibh sí ag tnúth go mór leis an dinnéar a bheadh aici le Theo…bhí Theo ag tnúth le cuairt a thabhairt ar Toronto agus Ottawa agus ag súil go mór le dul go Gaeltacht Bhaile na hÉireann, áit a raibh deirfiúr Alana lonnaithe lena clann óg…tá Alana ag obair ag Aerfort Idirnáisiúnta Pierre Elliott Trudeau…
- Bhí mí-ádh eile ar Theo nuair a bhí sé sáinnithe san eitleán ar feadh uair go leith ar an rúidbhealach toisc go raibh fadhb leis an gcóras aerchóirithe agus go raibh sé róchontúirteach don eitilt dul san aer…
- Mí-ádh eile a bhí air nárbh fhiú faic a pholasaí árachais eitilte toisc go gcaithfeadh an t-árachaí a bheith taobh amuigh dá thír féin. Cuireadh paisinéirí go Londain agus paisinéirí eile go Páras chun dul ar aghaidh go Montréal. Chuir Theo glaoch ar Alana chun a mhíniú di go mbeadh moill ar an eitilt. Bheadh an eitilt ag tuirlingt in Aerfort Orly, seirbhís tointeála as sin go dtí aerfort Charles de Gaulle agus ar aghaidh ansin go dtí Aerfort Pierre Elliott i Montréal. Nuair a bhí an t-eitleán i Montréal dúirt an captaen go raibh tubaiste tar éis titim amach in Aerfort Pierre Elliott agus go mbeadh orthu tabhairt faoi aerfort Mirabel…
- Bhí Theo thar a bheith suaite ansin. Phléasc buama in Aerfort Pierre Elliott toisc go raibh sceimhlitheoir Iosraelach á dhíbirt as an tír. Maraíodh cúigear sa Roinn Innealtóireachta agus gortaíodh seachtar is fiche. Bhí Theo buartha faoi Alana agus bhí sé chun tacsaí a fháil láithreach ó Mirabel go dtí Aerfort Pierre Elliott ach bhí Alana ina seasamh os a chomhair. Bhí lúcháir air. Bhí sí in ann a chúrsa eitilte a leanúint agus ghlaoigh sí isteach ar an aerfort ar maidin agus lig sí uirthi go raibh sí breoite. Theastaigh uaithi bualadh le Theo ag an aerfort. Bhí an t-ádh ar Theo agus ar Alana ag an deireadh. Dá mba rud é gur tháinig eitilt Theo isteach in am an oíche roimhe sin, bheadh Alana ag obair le linn na buamála ag Aerfort Pierre Elliott an mhaidin thragóideach sin…

**4F. Dánta Breise – Fill Arís**

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Cén chomhairle a chuireann an file ar an léitheoir sa dán *Fill Arís*, dar leat?
Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an gcomhairle sin ó thús deireadh an dáin.

**Eolas = 19 marc**

**Treoir:** An chomhairle a lua agus plé ar an léiriú a thugtar ar an gcomhairle sin mar aon le tagairtí cruinne téagartha do théacs an dáin atá ag teastáil sa fhreagra.

| Catagóir | Eolas | (19 marc) |
|---|---|---|
| **Sármhaith** | Plé an-chuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint an-shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí sár-théagartha don dán<br>Smaointe forbartha go sármhaith | 17-19 |
| **An-mhaith** | Plé cuimsitheach ar an ráiteas<br>Tuiscint shoiléir léirithe sna pointí eolais<br>Tagairtí an-téagartha don dán<br>Smaointe forbartha go han-mhaith | 14-16 |
| **Maith** | Achoimre ar imeachtaí an dáin<br>Insint lom ar phríomhghnéithe an dáin sna pointí eolais | 11-13 |
| **Measartha** | Iarracht ar achoimre<br>Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 8-10 |
| **Lag/An-lag** | Eolas an-bhearnach, an-mhíchruinn agus an-lochtach | 0-7 |

**Nótaí tacaíochta:**
**An chomhairle**: Comhairlíonn an file dúinn filleadh arís ar ár gcultúr féin, ar ár dteanga féin, ar ár n-oidhreacht nádúrtha féin, ar ár ndúchas agus ar chultúr na hÉireann…taispeánann sé sa dán seo cé chomh tábhachtach is atá an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach dúinn mar phobal…níl cultúr, teanga ná litríocht an Bhéarla oiriúnach do mhuintir na hÉireann…tugann sé ordú dúinn filleadh ar an nGaeilge agus ar chultúr na Gaeltachta…
**Plé:** Thosaigh an cultúr Gaelach agus an teanga ag dul i léig in Éirinn tar éis Chath Chionn tSáile agus dar leis an bhfile, rinne sé sin dochar do na Gaeil…is breá leis an bhfile an Ghaeilge, dul go Dún Chaoin agus éisteacht le Gaeilge á labhairt go nádúrtha ag na daoine áitiúla…
Úsáideann an file an Modh Ordaitheach sa dán…deir sé linn go bhfuil dualgas orainn filleadh láithreach ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht…
Úsáideann an file meafair sa dán…seasann *Gleann na nGealt* don teorainn idir saol an Bhéarla agus saol na Gaeilge…*Dún d'intinn*…tugann an file ordú dúinn ár n-intinn a dhúnadh ar na himeachtaí go léir a tharla sa tír seo ó Chath Chionn tSáile go dtí an lá inniu. I ndiaidh an chatha sin, rug cultúr an Bhéarla greim láidir ar an tír seo….*Srathar shibhialtacht an Bhéarla*…an smacht atá ag cultúr an Bhéarla agus ag na filí Béarla, Shelley, Keats is Shakespeare orainn…*ag ráthaíocht*…cosúil leis na héisc ag snámh le chéile, bíonn pointí gramadaí go flúirseach agus go nádúrtha á labhairt agus á seoladh go líofa sa chaint ag muintir Dhún Chaoin…*do dhoras*…an fhoinse agus an bealach iontrála atá ag Éireannaigh filleadh ar an dúchas ceart…bheadh síocháin le fáil acu agus iad ag labhairt na Gaeilge i nGaeltacht Chorca Dhuibhne…

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú: **Míniú = 7 marc**

Fill arís ar do chuid,
Nigh d'intinn is nigh
Do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh
'Bhí bunoscionn le d'éirim:

| Catagóir | Marc as 7 |
|---|---|
| Sármhaith | 6-7 |
| An-mhaith | 5 |
| Maith | 4 |
| Measartha | 3 |
| Lag/An-lag | 0-2 |

**Míniú:**
Téigh ar ais go dtí do mhuintir féin, go dtí do chultúr traidisiúnta féin…glan do mheabhair, d'aigne, an chaint agus na focail a thagann ó do bhéal…chuaigh an teanga sin i bhfostú i gcaint nach raibh oiriúnach in aon chor do do mheon féin…

(iii) Cén mothúchán is mó a léiríonn an file sa dán seo, dar leat? Is leor **dhá** phointe eolais faoin mothúchán sin. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.
**Eolas = 9 marc**

An mothúchán is mó = **1** mharc
Pointe Eolais 1 = **4** mharc
Pointe Eolais 2 = **4** mharc

| Catagóir | Marc as 4 |
|---|---|
| Sármhaith | 4 |
| An-mhaith | 3 |
| Maith | 2 |
| Measartha | 1 |
| Lag/An-lag | 0 |

**Nótaí tacaíochta:**
**An grá** atá ag an bhfile don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach…
**Sásamh/áthas** an fhile agus é i measc a mhuintire féin sa Ghaeltacht…an aimsir go hálainn…tráthnóna deas gréine i gCorca Dhuibhne...is féidir leis an duine teacht ar a dhúchas ceart féin agus ar a theanga féin sa Ghaeltacht...
**Easpa measa** ar an mBéarla…níl aon mheas ag an bhfile ar an mBéarla/ar chultúr an Bhéarla…
an Béarla timpeall orainn ó aimsir Chath Chionn tSáile…is ualach trom é an Béarla, dar leis an bhfile...
tá ceangal ag filí an Bhéarla orainn…
**Míshásamh:** Níl an file sásta in aon chor leis an tionchar atá ag an mBéarla orainn...
**Fearg** ar Sheán Ó Ríordáin nach bhfuil pobal na tíre dílis don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach…

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

| Gaeilge | (5 mharc) |
|---|---|
| Sárchumas maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 5 |
| Cumas an-mhaith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 4 |
| Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 3 |
| Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 2 |
| Cumas lag/an-lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) | 1 |

Eolas (35) =

Gaeilge (5) =

Ceist 4 (40) =

## Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúduithe luaite ar na leatháin mharcála agus réiltín (*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirfear línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge:**

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

Cuirtear **An Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- An Chluastuiscint: Gaeilge (0 - 3 mharc)
- Páipéar 1: An Cheapadóireacht – An Cumas Gaeilge (80 marc)
- Páipéar 2: Ceist 2: Prós Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 3: Filíocht Ainmnithe/Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 4: Litríocht Bhreise – An Ghaeilge (5 mharc)

Ní mór don scrúdaitheoir "**SMM i bhfeidhm-scrúd.**" a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

Leathanach Bán